



Cur síos ar an Ról

Teideal an Jab:	Achtúire agus Bainisteoir Sinsearach Pinsean
Rannán/Feidhm:	An tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA):
Freagrach don:	Stiúrthóir Sinsearach um Airgeadas Corparáideach
An Cineál Poist:	Airgeadas Corparáide & Seirbhísí Comhairleacha
An Sruth Gairme:	Gairmiúil
Réimse Gairme:	Gairmithe/Speisialtóirí
An Cineál Conartha:	Buan

**Dáta Deiridh le haghaidh Iarratas: 7 Aibreán 2023

Maidir le GBCN

Soláthraíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas do Rialtas na hÉireann. Tá sé tar éis athrú ó ghníomhaireacht aonfheidhme a bhainistigh an Fiachas Náisiúnta sa chaoi go bhfuil sé ina bhainisteoir ar phunann casta sócmhainní agus dliteanas poiblí anois.

I measc na ngnóthaí atá á mbainistiú ag GBCN tá iasachtaí a fháil don Státchiste agus bainistiú an Fhiachais Náisiúnta, an tÚdarás um Gheilleagar agus Téarnamh Nua (“NewERA”), Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann agus Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais na hÉireann agus an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Sannann GBCN baill foirne freisin don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, do Chorparáid Bhaincseirbhíoch Straitéiseach na hÉireann, agus do Mhaoiniú Tógála Tithíochta Éireann.

Tá buntáistí iontacha ag baint le bheith ag obair sa GBCN lena n-áirítear:

- Roghanna hibrideacha oibre
- Clár fairsing folláine
- Raon éagsúil tionscnamh: LGBT+, Cúrsaí Inscne, Feasacht Míchumais, Foireann Feasachta Idirnáisiúnta & Ilchultúrtha (IMAT), Spóirt & Sóisialta, Obair Dheonach agus go leor, leor eile
- Deiseanna foghlama agus forbartha den scoth sa chaoi gur féidir forbairt iomlán gairme a fháil laistigh den eagraíocht
- Aisíocaíocht táillí bliantúla i leith comhaltas gairmiúil
- Meánscéim pinsean um shochair shainithe gairme

Maidir le NewERA

Soláthraíonn NewERA lárionad tiomnaithe um shaineolas faoi airgeadas corparáideach don Rialtas maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit.

Is é ról lárnach NewERA comhairle airgeadais agus tráchtála a sholáthar d'Airí agus do Ranna Rialtais maidir leis na cuideachtaí móra tráchtála Stáit thar raon earnálacha a bhfuil ról ríthábhachtach acu i ngeilleagar na hÉireann: An Post, Bord na Móna, Coillte, Córas Iompair Éireann (lena n-áirítear Bus Átha Cliath, Iarnród Éireann agus Bus Éireann), daa, Cuideachta Chalafort Bhaile Átha Cliath, EirGrid, Ervia (lena n-áirítear Líonraí Gáis Éireann), BSL, Údarás Eitlíochta na hÉireann, Uisce Éireann, Calafort Chorcaí, Calafort Phort Láirge, Cuideachta Phort na Sionainne & Fhainge, Grúpa na Sionainne, an Ghníomhaireacht Forbartha Talún, RTÉ agus Vhi (ar a dtugtar Cuideachtaí na Punainne).

I réimse na bpinsean, cuireann NewERA comhairle ar fáil d'Airí Rialtais ar chúrsaí pinsin i ndáil leis na cuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit lena n-áirítear leasuithe scéime, cumaisc agus dí-chumaisc, moltaí maoinithe, sócmhainní teagmhasacha, agus tionchair na n-athruithe ar thimpeallacht pinsean na hÉireann lena n-áirítear athruithe reachtaíochta.

Is é cur chuige NewERA ná éascú a dhéanamh ar leibhéal feabhsaithe um úinéireacht ghníomhach ag an Stát mar scairshealbhóir i gCuideachtaí na Punainne. Tá €24bn de chaipiteal infheistithe ag an Stát mar scairshealbhóir i gCuideachtaí nachéile Punainne. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach ar:

<https://www.ntma.ie/uploads/publication-articles/NewERA-Annual-Financial-Review-2021-22.pdf>

Maidir leis an Ról

Tá NewERA ag lorg gairmí ardcháilíochta a bhfuil taithí aige nó aici le páirt a ghlacadh ina fhoireann. Soláthróidh an ról radharc leathan don iarrthóir rathúil ar raon de thascanna comhairleacha pinsin in earnáil tráchtála an Stáit, beidh an té sin ag obair i dtimpeallacht tráchtála atá dírithe ar an tráchtáil ina nasctar dea-chleachtais na hearnála príobháidí agus sainchúram na hearnála poiblí.

Príomhfhreagrachtaí

Áireofar iad seo a leanas ar fhreagrachtaí leanúnacha an iarrthóra rathúla:

1. Tuarascálacha ardchaighdeán a ullmhú agus a athbhreithniú, agus comhairle neamhspleách oibiachtúil a sholáthar d'Airí agus do Ranna Rialtais maidir le cúrsaí pinsin i ndáil le cuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit.
2. Treoir agus tacaíocht a sholáthar do chomhaltaí eile d'fhoireann NewERA lena n-áirítear cabhrú le baill eile d'fhoireann NewERA chun léirmhíniú agus anailís a dhéanamh ar nochtadh pinsean i ráitis airgeadais agus tuarascálacha eile
3. Bheith in ann tascanna éagsúla a dhéanamh ag an am céanna agus oibriú go neamhspleách den chuid is mó maidir le roinnt tascanna casta leanúnacha, agus teagmháil a dhéanamh leis an Stiúrthóir Sinsearach um Airgeadas Corparáideach de réir mar is cuí.
4. Gníomhú mar phointe teagmhála agus cuidiú leis an Stiúrthóir Sinsearach um Airgeadas Corparáideach chun caidrimh a bhainistiú le raon leathan páirtithe leasmhara, agus go háirithe le Ranna Rialtais agus cuideachtaí tráchtála ábhartha Stáit.

Riachtanais Oideachais

- Céim i ndisciplín airgeadais nó matamaitice (2.1 nó níos airde)

- Ballraíocht de Chumann na nAchtúirí in Éirinn

Taithí

- 7 mbliana ar a laghad i ról ábhartha airgeadais ag obair i sainchomhairleoireacht pinsean, agus le taithí ar thuarascálacha luachála achtúireach a ullmhú, mar aon le deimhnithe maoinithe achtúireacha a ullmhú agus nochtadh pinsin faoi FRS102. Bheadh sé inmhianaithe freisin taithí a bheith ag an té sin ar roinnt díobh seo a leanas nó ar gach ceann acu:
 - Comhairle a chur ar chuideachtaí maidir lena ndliteanais phinsin;
 - Comhairle a chur ar chuideachtaí agus iontaobhaithe maidir le hathstruchtúrá a scéimeanna pinsin;
 - Scéimeanna scoir; agus
 - Scéimeanna pinsean ceirde na hearnála poiblí

Scileanna

- Scileanna láidre um anailís airgeadais agus tráchtála
- Ardleibhéal cruinnis agus aird ar mhionghnéithe agus ag an am céanna bheith ábalta an mórphictiúr a fheiceáil le cur ar a c(h)umas moltaí eolacha a dhéanamh
- Scileanna bainistíochta tionscadail
- Féindúisire a bheidh in ann oibriú as a stuaim féin agus an cumas a bheith aige nó aici oibriú le chéile mar chuid d'fhoireann
- Scileanna cumarsáide láidre idir scríofa agus idirphearsanta, mar aon le cumas cruthaithe maidir le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh ar leibhéal sinsearach le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha
- Inniúil maidir le MS Office - Excel, Word agus Powerpoint